II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/397 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Márta 2021

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014.

(2) An 25 Feabhra 2021, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2564 (2021) lena n-ainmnítear, *inter alia*, duine amháin le cur faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Márta 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

([1]) IO L 365, 19.12.2014, lch. 60.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 (Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2):

"6. Sultan Saleh Aida Aida Zabin

Faisnéis eile: Stiúrthóir an Criminal Investigation Department (CID) in Sanaa. Bhí sé rannpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht in Éimin i mbaol. Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 25.2.2021.

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Sultan Saleh Aida Aida Zabin rannpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht in Éimin i mbaol, lena n-áirítear sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme agus mí-úsáidí chearta an duine in Éimin.

Is é Sultan Saleh Aida Aida Zabin stiúrthóir CID in Sanna. Bhí ról lárnach aige i mbeartas imeagla agus bhain sé úsáid chórasach as gabháil, coinneáil, céasadh, foréigean gnéasach agus éigniú in aghaidh mná atá gníomhach ó thaobh na polaitíochta de. Mar stiúrthóir CID, tá Zabin freagrach go díreach, nó de bhua a údaráis, as an iliomad áiteanna coinneála a úsáid lena n-áirítear braighdeanas baile, stáisiúin phóilíneachta, príosúin fhoirmiúla agus ionaid choinneála agus ionaid choinneála nár ainmníodh, agus tá sé comhpháirteach sa mhéid sin. Sna háiteanna sin, rinneadh mná, agus ar a laghad mionaoiseach amháin ina measc, a fhuadach leis an lámh láidir, a cheistiú arís is arís eile, rinneadh iad a chéasadh, níor cuireadh cóir leighis orthu go tráthúil agus tugadh orthu saothar éignithe a dhéanamh. Ba é Zabin é féin a chéas iad i roinnt cásanna."